Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

Athscríbhinn den fhíseán

# Athbhreithniú ar an gCód um Chosaint Tomhaltóirí – An tEolas is déanaí ar Rannpháirtíocht (Iúil 2023)

Tá **athbhreithniú cuimsitheach** á dhéanamh ag Banc Ceannais na hÉireann ar an g**Cód um Chosaint Tomhaltóirí**.

Sa **chéad chéim den athbhreithniú**, bhí **Plépháipéar**, **cruinnithe le páirtithe leasmhara** agus **suirbhé poiblí** chun **do thuairimí** a fháil ar **shaincheisteanna tomhaltóirí**.

Tá **an t-eolas is déanaí maidir leis an athbhreithniú** á fhoilsiú anois againn chun **a bhfuil foghlamtha againn go dtí seo agus a bhfuil beartaithe againn anois** a chur in iúl.

{Derville Rowland, Leas-Ghobharnóir, Cosaint Tomhaltóirí agus Infheisteoirí, Banc Ceannais na hÉireann}

Sheolamar an tAthbhreithniú ar an gCód um Chosaint Tomhaltóirí i mí Dheireadh Fómhair seo caite. Ó shin i leith, bhí sár-rannpháirtíocht againn le raon leathan páirtithe leasmhara - tomhaltóirí, ionadaithe ón tionscal, gníomhaireachtaí stáit agus go leor eile. Tá an rannpháirtíocht seo, agus aiseolas uaitse, riachtanach chun a chinntiú go ndírítear ar na réimsí cuí san athbhreithniú.

Agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a chuir a dtuairimí in iúl ar raon leathan téamaí tábhachtacha tomhaltóra - an nuálaíocht, digitiú, litearthacht airgeadais, an t-aeráid agus go leor nithe eile san áireamh.

Tá d'aiseolas á chur san áireamh againn i dteannta ár gcuid taighde agus anailíse féin. Agus roimh dheireadh na bliana, foilseoimid páipéar comhairliúcháin ina mbeidh moltaí le haghaidh Creat nua um Chosaint Tomhaltóirí.

Agus tabharfaidh sé seo deis eile duit do thuairimí a chur in iúl agus cuidiú linn todhchaí na cosanta tomhaltóirí in Éirinn a mhúnlú.

TUILLEADH EOLAIS: centralbank.ie/athbhreithniucoid